An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Green-Schools

An Taisce

## Clár na Scoileanna Glasa

# Sraith Straitéisí do Scoileanna um Chosc ar Réchasadh



www.greenschoolsireland.org

## Cad is Réchasadh Innill ann?

Tarlaíonn réchasadh innill aon uair a bhíonn inneall do chairr ag rith ach nach bhfuil tú ag bogadh, de ghnáth go ceann níos mó ná 10-20 soicind, m.sh. ag fanacht taobh amuigh den scoil, ag soilse tráchta dearga, le linn oibreacha bóthair, srl.




## Cén fáth ar chóir dúinn stop a chur le Réchasadh Innill?

Níl ciall dá laghad ag baint le carr a rith gan tú a bheith ag dul aon áit!
Seo ceithre chúis leis sin:

**Comhshaol:** Nuair a bhíonn inneall ag rith, astaíonn sé dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$), an príomhghás ceaptha teasa is cúis leis an athrú aeráide. Is féidir leat stop a chur leis na hastaíochtaí sin freisin ach d'inneall a chasadh as le linn don charr a bheith ina stad!

**Sláinte:** Bíonn cáilíocht an aeir níos measa mar thoradh ar an réchasadh, agus is drochrud é sin do shláinte an duine. Tá baol níos mó ann do dhaoine óga mar thoradh ar iarmhairtí an truaillithe aeir mar go bhfuil a scamhóga fós ag fás.

**Airgead:** Cur amú airgid is ea an réchasadh toisc go raibh ort íoc as an mbreosla - déanfaidh sin poll i do phóca!

**Sábháilteacht:** Dá mhéad carranna agus busanna atá ag réchasadh lasmuigh de scoil is ea is deacra a théann sé ar na daltaí carranna atá ag bogadh a chloisteáil. Níos measa fós, d'fhéadfadh na carranna sin atá ag bogadh a bheith i bhfolach taobh thiar de charranna atá ag réchasadh.

Cé nach ndéanann carranna leictreacha réchasadh, agus go bhfuil teicneolaíocht stoptha-dúiseachta á húsáid ag go leor carranna comhaimseartha (feidhm a chasann an t-inneall as nuair nach mbíonn an carr ag bogadh), is féidir fós a chur i leith an-chuid tiománaithe go mbíonn a gcarranna ag réchasadh gan chúis lasmuigh dár scoileanna!

**Seans go bhfuil go leor réchasta feicthe agat ag do scoil féin: busanna ag réchasadh agus na paisinéirí ag dul ar bord, tuismitheoirí ag réchasadh agus iad ag fanacht ar a bpáistí, agus d'fhéadfadh do chairde fiú réchasadh a dhéanamh chun a n-inneall a "théamh"!**



IDLING
Gets you nowhere


## Cad is féidir linn a dhéanamh ar scoil?

Is féidir leat gearradh siar ar an réchasadh, na hastaíochtaí carbóin ag do scoil a laghdú, cáilíocht an aeir a fheabhsú agus áit níos sláintiúla sábháilte a dhéanamh de cheantar do scoile ach roinnt eolais mhaith agus meangadh gáire cairdiúil a chur i láthair!

## Seo roinnt smaointe chun tú a chur ar do bhealach:

- Déan feachtas “Cosc ar Réchasadh” a phlé le Coiste Chlár na Scoileanna Glasa
- Faigh amach cén fáth nach rud maith é an réchasadh don chomhshaol agus dár sláinte
- Déan suirbhé maidir leis an réchasadh agus taifead na sonraí
- Bíodh feachtas “Cosc ar Réchasadh” mar chuid de do Phlean Gníomhaíochta
- Ardaigh feasacht - roinn eolas le do mhuintir agus le do chairde
- Déan do mhana, póstaer agus/nó lógó “Cosc ar Réchasadh” féin a dhearadh
- Cuir póstaeir agus eolas faoin réchasadh ar taispeáint timpeall do scoile
- Cruthaigh bileog le cur abhaile leis na páistí agus le roinnt le do phobal áitiúil
- Iarr ar thuismitheoirí a lámh a chur le gealltanas chun an réchasadh a stopadh
- Roinn eolas agus smaointe ar láithreán gréasáin, leathanach Facebook, srl. do scoile
- Cuir an siúl, an scútáil agus an rothaíocht chun cinn

Déan do thorthaí agus d’eolas a roinnt ar chlár fógraí Chlár na Scoileanna Glasa!



## Acmhainní:

Sna leathanaigh seo a leanas, gheobhaidh tú acmhainní a chabhróidh leat d’fheachtas “Cosc ar Réchasadh” a rith:

- An Réchasadh: Fíor nó Bréagach?
- Litir shamplach chuig tuismitheoirí
- Bileog taifeadta suirbhé “Cosc ar Réchasadh”
- Gealltanas “Cosc ar Réchasadh”
- Cuardach focal
- Bileoga dathúcháin

## An Réchasadh: Fíor nó Bréagach?

Bain leas as na fíricí thíos chun cabhrú le pobal do scoile tuiscint a fháil ar a bhfuil fíor agus ar a bhfuil bréagach maidir leis an réchasadh.
Priontáil amach iad agus cuir ar taispeáint i do scoil iad.
Roinn i do nuachtlitir, ar an leathanach gréasáin, ar na meáin shóisialta, srl. iad

Young lungs at work
Switch off your engine

**Bréagach**

Is ionann na hastaíochtaí ón réchasadh agus ón tiomáint.

**Fíor**

Cruthaíonn an réchasadh astaíochtaí níos measa ná an tiomáint. Nuair a bhíonn carr ag tiomáint, éiríonn an t-inneall te níos tapúla agus éiríonn an tiontaire catalaíoch níos éifeachtúla ó thaobh astaíochtaí a laghdú de.

**Bréagach**

Úsáidtear níos mó breosla leis an inneall a dhúiseacht ná mar a úsáidtear agus an t-inneall ag réchasadh.

**Fíor**

Úsáidtear *níos mó* breosla leis an inneall a choinneáil ag réchasadh ar feadh 10 soicind ná mar a úsáidtear leis an inneall a chasadh air, a bhuí le córais insteallta breosla.

**Bréagach**

Ba chóir innill a théamh sula dtosaíonn tú ag tiomáint - má ligeann tú d'inneall réchasadh ar lá fuar, is bealach maith é sin le hé a théamh.

**Fíor**

An chaoi is fearr le feithicil a théamh ná í a thiomáint; má thosaíonn tú ag tiomáint go mall agus má sheachnaíonn tú ró-reibheáil, sin an bealach is fearr le córas téimh na feithicle a chur ag scaoileadh aer níos teo níos tapúla.

**Bréagach**

Déanann an réchasadh maitheas don inneall.

**Fíor**

Beidh d'inneall níos salaí mar thoradh ar réchasadh. Toisc nach ndóitear breosla go hiomlán agus an t-inneall ag réchasadh, fágtar carnadh iarmhair ar bhallaí na sorcóirí, rud a fhéadann damáiste a dhéanamh don inneall.

**Bréagach**

Is drochrud don inneall agus don cheallra an t-inneall a athdhúisiú go minic.

**Fíor**

Má dhéantar inneall na feithicle a athdhúisiú níos minice, is fíorbheagán damáiste a dhéantar don inneall dá bharr agus ní dhéantar an ceallra a ídiú ach beagáinín. Seans go laghdófaí saolré oibriúcháin na hola san inneall 75% mar thoradh ar an réchasadh, áfach.

## An Réchasadh: Fíor nó Bréagach?

Bain leas as na fíricí thíos chun cabhrú le pobal do scoile tuiscint a fháil ar a bhfuil fíor agus ar a bhfuil bréagach maidir leis an réchasadh.
Priontáil amach iad agus cuir ar taispeáint i do scoil iad.
Roinn i do nuachtlitir, ar an leathanach gréasáin, ar na meáin shóisialta, srl. iad




**Bréagach**

Cén dochar an carr a fhágáil ag réchasadh?

**Fíor**

Astaíonn feithiclí atá ag réchasadh níos mó aonocsaíd charbóin, dé-ocsaíd charbóin, ocsaíd nítriúil agus hidreacarbón. Cuireann na truailleáin sin leis an téamh domhanda agus laghdaíonn cáilíocht an aeir.

**Bréagach**

Má tá sé fuar lasmuigh, is gá dom m'inneall a choinneáil ag rith ionas go bhfanfaidh sé te.

**Fíor**

Fanfaidh d'inneall te go ceann 30-60 nóiméad tar éis a mhúchta.

**Bréagach**

Is gá dom mo cheallra a choinneáil lán-luchtaithe, mar sin, ní foláir dom an t-inneall a choinneáil ag rith.

**Fíor**


Ní gá don inneall a bheith ag rith i gcónaí chun cadhnraí cairr nua-aimseartha a choinneáil luchtaithe.

**Bréagach**

Má tá mé páirceáilte ar líne bhuí agus an t-inneall fós ar siúl, ní fhéadtar fíneáil a ghearradh orm.

**Fíor**

Is féidir le maoir thráchta fíneáil a ghearradh ort má tá tú páirceáilte áit éigin nár chóir duit a bheith - bíodh d'inneall ag rith nó ná bíodh.



## Faisnéis le Cur Abhaile chuig Tuismitheoirí

Seo thíos litir shamplach ar féidir í a chur abhaile nó a chuir chuig tuismitheoirí i ríomhphost. Mar mhalairt air sin, d’fhéadfá í a úsáid i nuachtlitir do scoile. Déan í a chóipeáil agus a chur in eagar chun í a chur in oiriúint do do scoil féin, más mian leat.




[AINM NA SCOILE]

[DÁTA]

MAIDIR LE: Feachtas “Cosc ar Réchasadh” seolta ag [AINM NA SCOILE]

A Thuismitheoir/Chaomhnóir, a chara,

Mar is eol duit, tá páirt á glacadh ag [AINM NA SCOILE] i gClár na Scoileanna Glasa agus faoi láthair táimid ag obair ar an téama Taistil.

Mar chuid dár n-obair chun taisteal inbhuanaithe a chur chun cinn don turas chun na scoile agus abhaile, tá cinneadh déanta againn feachtas “Cosc ar Réchasadh” a thionscnamh lasmuigh de gheataí na scoile.

Ón [DÁTA] ar aghaidh, iarrfar ar úinéirí feithicle a n-innill a chasadh as agus iad ag fanacht d’fhonn cáilíocht an aeir a fheabhsú, astaíochtaí a laghdú agus timpeallacht níos sláintiúla a chruthú thart ar gheataí ár scoile.

Tá tuilleadh eolais faoin réchasadh ar fáil ar ár láithreán gréasáin agus ar chlár fógraí Chlár na Scoileanna Glasa.

Is féidir difear ceart a dhéanamh ach an t-athrú simplí seo a dhéanamh, agus cáilíocht an aeir a bhímid a análú a fheabhsú san am céanna. Bainimis triail as!

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leat as do thacaíocht leanúnach. Coinneoimid ar an eolas thú.

Le gach dea-ghuí,

Coiste Chlár na Scoileanna Glasa


[AINM NA SCOILE]




## Acmhainní

Priontáil na leathanaigh seo a leanas amach lena n-úsáid le haghaidh do shuirbhé “Cosc ar Réchasadh”, gealltanais le tabhairt do thuismitheoirí agus múinteoirí agus leathanaigh dathúcháin

## Suirbhé “Cosc ar Réchasadh”



- Cruinnigh foireann chun suirbhé “Cosc ar Réchasadh” a dhéanamh
- Déan an bhileog shuirbhé “Cosc ar Réchasadh” a phriontáil amach
- Ag amanna tuirlingthe/bailithe, téigh amach go dtí carrchlós na scoile/an limistéar tuirlingthe/bailithe
- Suimigh na feithiclí sa limistéar agus suimigh na feithiclí atá ag réchasadh
- Cruthaigh graif chun do thorthaí a chur ar taispeáint





- Ardaigh feasacht i bpobal do scoile faoin réchasadh
- Iarr ar thuismitheoirí a lámh a chur leis an ngealltanas “Cosc ar Réchasadh”
- Déan an suirbhé arís lena fháil amach an bhfuil difear déanta agaibh!

## Gealltanas “Cosc ar Réchasadh”

- Déan an bhileog ghealltanais “Cosc ar Réchasadh” a phriontáil agus a fhótachóipeáil (tá 3 ghealltanas ar gach leathanach le gearradh amach)
- Cuir ceann abhaile chuig gach teaghlach sa scoil
- Bailigh iad agus comhair an líon atá tar éis gealltanas a thabhairt éirí as an réchasadh!
- Cruthaigh graif chun do thorthaí a chur ar taispeáint
- Foilsigh do thorthaí ar láithreán gréasáin, leathanach Facebook, clár fógraí, srl. na scoile

Ná déan dearmad iarraidh ar na tiománaithe bus an gealltanas a shíniú freisin!





# Clár na Scoileanna Glasa
# Suirbhé Réchasta

Green-Schools
An Taisce

Ainm na Scoile: ________________________________________

Dáta: ______________________ Suíomh: ___________________

Am: __________ chuig: _________________

*Leideanna faoi cén chaoi feithicil atá ag réchasadh a shainaithint:*

- $CO_2$ *Níl an fheithicil ag bogadh*
- $CO_2$ *Bí ag éisteacht le haghaidh fhuaim an innill*
- $CO_2$ *Bí ag faire amach i gcomhair chreathadh na feithicle*
- $CO_2$ *Bí ag faire amach i gcomhair múch sceite agus a bolaidh*

| **Cineál feithicle** | Busanna | Gach feithicil eile |
|---|---|---|
| **Líon**<br>Breac síos ✓ do gach ceann i láthair | | |
| **An bhfuil siad ag réchasadh?**<br>Cuir ✓ do gach ceann atá ag réchasadh | | |

| | | |
|---|---|---|
| ***Líon iomlán na bhfeithiclí i láthair*** | | |
| ***Líon iomlán na bhfeithiclí ag réchasadh*** | | |

# Gealltanas "Cosc ar Réchasadh"

Má shíníonn tú an gealltanas seo, beidh tú ag dul i gcomhar le daoine eile i bpobal na scoile atá ag iarraidh astaíochtaí a laghdú, cáilíocht an aeir a fheabhsú agus cabhrú lenár scoil an Bhratach Ghlas a choinneáil.

**Geallaimse leis seo go gcasfaidh mé as m'inneall aon áit a mbeidh mé ag fanacht san fheithicil.**

**Ainm an Tuismitheora/Chaomhnóra:** ______________________

**Ainm(neacha) an Dalta/na nDaltaí:** ______________________

*Molaimid duit gan d'inneall a fhágáil ag réchasadh ach ar feadh 10 soicind ar a mhéad. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar chlár fógraí Chlár na Scoileanna Glasa.*

Go raibh maith agat as cabhrú le gach duine análú níos éasca! Déanann athrú beag difear mór.

---


# Gealltanas "Cosc ar Réchasadh"

Má shíníonn tú an gealltanas seo, beidh tú ag dul i gcomhar le daoine eile i bpobal na scoile atá ag iarraidh astaíochtaí a laghdú, cáilíocht an aeir a fheabhsú agus cabhrú lenár scoil an Bhratach Ghlas a choinneáil.

**Geallaimse leis seo go gcasfaidh mé as m'inneall aon áit a mbeidh mé ag fanacht san fheithicil.**

**Ainm an Tuismitheora/Chaomhnóra:** ______________________

**Ainm(neacha) an Dalta/na nDaltaí:** ______________________

*Molaimid duit gan d'inneall a fhágáil ag réchasadh ach ar feadh 10 soicind ar a mhéad. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar chlár fógraí Chlár na Scoileanna Glasa.*

Go raibh maith agat as cabhrú le gach duine análú níos éasca! Déanann athrú beag difear mór.


---


# Gealltanas "Cosc ar Réchasadh"

Má shíníonn tú an gealltanas seo, beidh tú ag dul i gcomhar le daoine eile i bpobal na scoile atá ag iarraidh astaíochtaí a laghdú, cáilíocht an aeir a fheabhsú agus cabhrú lenár scoil an Bhratach Ghlas a choinneáil.

**Geallaimse leis seo go gcasfaidh mé as m'inneall aon áit a mbeidh mé ag fanacht san fheithicil.**

**Ainm an Tuismitheora/Chaomhnóra:** ______________________

**Ainm(neacha) an Dalta/na nDaltaí:** ______________________

*Molaimid duit gan d'inneall a fhágáil ag réchasadh ach ar feadh 10 soicind ar a mhéad. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar chlár fógraí Chlár na Scoileanna Glasa.*

Go raibh maith agat as cabhrú le gach duine análú níos éasca! Déanann athrú beag difear mór.



# CUARDACH FOCAL FAOIN RÉCHASADH

Ainm: ______________________________

An féidir leat teacht ar na focail uile sa chuardach focal?

*Is féidir leis na focail dul aon treo!*

← ↓ ↑ → ↗ ↘ ↖ ↙

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| S | S | Z | Í | M | Ú | C | H | V | E | P | T | H | D | J |
| U | G | U | U | A | M | K | W | F | N | N | A | D | Z | O |
| U | G | J | Y | H | T | A | V | S | S | V | I | A | D | Z |
| A | P | O | Í | H | P | H | T | I | E | C | S | S | I | E |
| O | E | Q | C | Ú | X | B | C | Ú | C | G | T | A | Á | A |
| O | P | T | L | A | R | B | I | O | O | M | E | H | R | E |
| N | G | Á | N | E | R | L | I | F | Í | Q | A | C | E | R |
| Q | N | S | O | I | L | R | M | F | G | A | L | É | A | Y |
| A | F | S | C | I | Á | K | Y | K | I | M | T | R | M | N |
| C | L | C | A | A | L | L | A | E | N | N | I | S | G | X |
| A | D | U | C | O | M | H | S | H | A | O | L | Q | A | U |
| S | R | P | A | S | B | H | P | B | P | V | C | I | O | S |
| T | Q | Q | O | K | O | Y | Ó | M | F | Q | K | B | B | S |
| R | B | G | W | I | A | U | F | G | O | V | U | C | K | X |
| D | G | A | H | Q | I | N | V | B | A | S | B | N | G | S |

| | | | |
|---|---|---|---|
| AER | AERÁID | SCEITHPHÍOPA | RÉCHASADH |
| ANÁLÚ | ASTAÍOCHTAÍ | BREOSLA | SCAMHÓGA |
| BUS | INNEALL | MÚCH | TRUAILLIÚ |
| CARR | COMHSHAOL | SLÁINTE | TAISTEAL |



# CUARDACH FOCAL FAOIN RÉCHASADH

## Réiteach

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| S | S | Z | Í | M | Ú | C | H | V | E | P | T | H | D | J |
| U | G | U | U | A | M | K | W | F | N | N | A | D | Z | O |
| U | G | J | Y | H | T | A | V | S | S | V | I | A | D | Z |
| A | P | O | Í | H | P | H | T | I | E | C | S | S | I | E |
| O | E | Q | C | Ú | X | B | C | Ú | C | G | T | A | Á | A |
| O | P | T | L | A | R | B | I | O | O | M | E | H | R | E |
| N | G | Á | N | E | R | L | I | F | Í | Q | A | C | E | R |
| Q | N | S | O | I | L | R | M | F | G | A | L | É | A | Y |
| A | F | S | C | I | Á | K | Y | K | I | M | T | R | M | N |
| C | L | C | A | A | L | L | A | E | N | N | I | S | G | X |
| A | D | U | C | O | M | H | S | H | A | O | L | Q | A | U |
| S | R | P | A | S | B | H | P | B | P | V | C | I | O | S |
| T | Q | Q | O | K | O | Y | Ó | M | F | Q | K | B | B | S |
| R | B | G | W | I | A | U | F | G | O | V | U | C | K | X |
| D | G | A | H | Q | I | N | V | B | A | S | B | N | G | S |

| | | | |
|---|---|---|---|
| AER | AERÁID | SCEITHPHÍOPA | RÉCHASADH |
| ANÁLÚ | ASTAÍOCHTAÍ | BREOSLA | SCAMHÓGA |
| BUS | INNEALL | MÚCH | TRUAILLIÚ |
| CARR | COMHSHAOL | SLÁINTE | TAISTEAL |

# Laghdaímis ár n-astaíochtaí




# Múchaimis ár bhfeithiclí

Ainm: ______________________________________________

Rang: ______________________________________________

Green-Schools
An Taisce

# Scamhóga óga ag obair



# Cas as d'inneall

Ainm: ____________________

Rang: ____________________

Green-Schools
An Taisce

# Anáil na beatha an t-aer



# Cas as d'inneall

Ainm: ______________________________________________

Rang: ______________________________________________

# RÉCHASADH




**Is fada an bóthar nuair nach bhfuil tú ag bogadh**

Ainm: ______________________________________________

Rang: ______________________________________________